An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ("an Roinn"), i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ("GRETB")

DEIS Gaeltachta 2024/25

Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media ("the Dept"), in association with Galway and Roscommon Education and Training Board ("GRETB")

Cuireadh tús le scéim DEIS Gaeltachta den chéad uair in 2019 nuair a leithdháileadh €50,000 chun an deis a thabhairt do dhaltaí iar-bhunscoile atá ag freastal ar scoileanna DEIS freastal ar choláistí samhraidh Gaeilge aitheanta.
Tá an tionscnamh á riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) thar ceann na Roinne. Leithdháileadh maoiniú breise de €900,000 san iomlán don tionscnamh DEIS Gaeltachta don bhliain acadúil 2024/2025 chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chuspóirí an bhirt agus tairbhí a ghiniúint d'earnáil na gcoláistí Gaeilge dá réir.

The DEIS Gaeltachta scheme first commenced in 2019 with an allocation of €50,000 in order to assist in providing the opportunity to post-primary students attending DEIS schools to attend recognised Irish summer colleges.
The initiative is administered by Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB) on behalf of the Department. In order to further support the objectives of the measure and generate downstream benefits for the Irish-colleges sector, additional funding totalling €900,000 was allocated toward DEIS Gaeltachta the initiative for 2024/2025 academic year.

Preasráitis: €900,000 i maoiniú fógartha ag na hAirí Martin agus Byrne don Scéim Scoláireachta DEIS Gaeltachta

Ceisteanna Coitianta – léigh go cúramach iad
Frequently Asked Questions (FAQ's) – please read them very carefully.

1. **Cé hiad na scoileanna atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**
Ní ceadmhach ach na hIar-Bhunscoileanna sin atá ainmnithe ag an Aire Oideachais mar scoileanna le stádas DEIS iarratas a dhéanamh.

What schools may apply?
Only those post-primary schools designated by the Minister for Education as having DEIS status may apply.

2. **Cé hiad na daltaí atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**
Níl incháilithe do scoláireacht DEIS Gaeltachta ach na daltaí sin i scoileanna DEIS a bhfuil **an Ghaeilge á foghlaim acu mar ábhar scoile** sa bhliain acadúil 2024/2025.

What students may apply?
Only those students in a DEIS school who are **learning Irish as a school subject** in the 2024/2025 academic year are eligible to be considered for a DEIS Gaeltachta scholarship.

3. **Má tá scoláireacht DEIS Gaeltachta faighte ag dalta roimhe seo, an bhfuil siad i dteideal iarratas a dhéanamh an athuair?**
Níl daltaí a fuair an scoláireacht níos mó ná uair amháin incháilithe don scéim.

If a student received a DEIS Gaeltachta scholarship before can they re-apply?
Students who received the scholarship on more than one occasion are not eligible for the scheme.

4. **Cé a dhéanann an cinneadh maidir leis na scoláireachtaí?**
Is é freagracht na scoileanna DEIS incháilithe é a bpróiseas roghnúcháin inmhéanaigh féin a bhainistiú agus **12 n-iarratas scoláireachta ar a mhéid a chur isteach**, **i.e. agus deimhniú go bhfuil áit faighte i gcoláiste samhraidh Gaeltachta a bheith istigh leis an iarratas.** Bronnfar scoláireachtaí DEIS **ar a seal de réir mar a fhaightear iad, agus ar an mbunús sin amháin,** faoi réir ag dóthain áiteanna a bheith ar fáil sna coláistí samhraidh Gaeltachta.

Who determines who receives a scholarship?
It is the responsibility of eligible DEIS schools to manage their internal selection processes, such that they may submit **applications for a maximum of 12 scholarships i.e. with verified placement by a Gaeltacht summer college included**. Scholarships will be awarded on a strictly **first come, first served basis only**, subject to sufficient Gaeltacht summer college places being available.

5. **Cad é an próiseas iarratais?**
Is **próiseas ar líne amháin** atá i gceist leis na hiarratais, arna riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn). Déanfaidh GRETB teagmháil trí ríomhphost le gach scoil incháilithe agus cuirfear sonraí ábhartha na scéime Gaeltachta DEIS 2024/25 ar fáil. **Ní dhéanfar breithniú ach amháin ar na hiarratais siúd a fhaightear tríd an tairseach oifigiúil ar líne**.

What is the application process?
Application is by way of **an online process only,** administered by Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB) on behalf of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (the Dept). All eligible schools will be contacted (email) by GRETB and will be provided with details of the DEIS Gaeltachta 2024/25 scheme. **Only applications received through the official online portal will be considered.**

6. **Céard é an luach airgid atá ar scoláireacht DEIS Gaeltachta in 2025?**
Cúrsa 3 seachtaine – **€950** nó 85% den táille cúrsa, cibé acu is lú./Cúrsa 2 sheachtain – **€820** nó 85% den táille cúrsa, cibé acu is lú. **Níl cúrsaí atá níos lú ná 2 sheachtain incháilithe do mhaoiniú faoin scéim DEIS Gaeltachta 2024/25**.

What is the monetary value of a DEIS Gaelachta II scholarship in 2025?
3-week course – **€950** or 85% of the course fee, whichever is less./2-week course - **€820** or 85% of the course fee , whichever is less. **Courses of less than 2-weeks' duration are not eligible for DEIS Gaeltachta 2024/25 funding.**

7. **Cé mhéad scoláireacht atá ar fáil faoin Scéim Scoláireachta DEIS Gaeltachta 2024/25?**
Tá suas le 805 scoláireacht ar fáil, bunaithe ar chúrsaí 3 seachtaine agus faoi réir ag dóthain áiteanna a bheith ar fáil sna coláistí samhraidh Gaeltachta.

How many scholarships are available under the DEIS Gaelachta Scholarship Sch2025?
Up to 805 scholarships, based on 3-week courses, subject to sufficient supply in Gaeltacht summer colleges.

8. **An bhfuil sonraí ar fáil faoi na coláistí samhraidh Gaeltachta atá faofa?**
Tá. Féach www.colaistigaeilge.ie , www.spleodar.com; www.lurgan.biz agus www.cnb.ie

Are details available of approved Gaeltacht summer colleges?
Yes. See www.colaistigaeilge.ie , www.spleodar.com; www.lurgan.biz and www.cnb.ie

9. **Cé a chuireann tús leis an bpróiseas chun áit i gcoláiste samhraidh Gaeltachta a chur in áirithe?**
Is é freagracht an dalta/tuismitheora/caomhnóra é dul i dteagmháil leis an gcoláiste samhraidh Gaeltachta faofa chun áit a chur in áirithe.

Who starts the process of completing a reservation form with a recognised Gaeltacht summer college?
It is the responsibility of the student/parent/guardian to engage with an approved Gaeltacht summer college of their choice in order to secure a place.

10. **Cé a íocann an éarlais chun áit i gcoláiste samhraidh Gaeltachta a chur in áirithe?**
Is faoin dalta/tuismitheoir an dalta/caomhnóir/scoil an dalta é aon éarlais a íoc leis an gcoláiste samhraidh Gaeltachta.

Who pays the deposit to reserve a place in a Gaeltacht summer college?
It is a matter for the student/students parent/guardian/students school to pay any deposit to the Gaeltacht summer college.

11. **Cad a tharlaíonn sa chás go lorgaíonn coláiste samhraidh Gaeltachta éarlais agus/nó an táille iomlán ag an tús?**
Baineann sé sin leis an dalta/tuismitheoir/caomhnóir agus an coláiste samhraidh agus leo sin amháin. **Níl aon ról ag GRETB ina leithéid d'idirbheart airgeadaíochta. Níl aon ról ag GRETB maidir le héarlais a aisíoc le dalta.**

What happens if a Gaeltacht summer college seeks payment of a deposit and/or full fee up front?
That is a matter between the student/parent/guardian and the summer college. **GRETB has no role in such monetary transactions. GRETB has no role in regard to refunds of deposit(s) to a student.**

12. **Cén fhianaise a nglacfar léi chun a chruthú go bhfuil áit faighte i gcoláiste samhraidh Gaeltachta?**
Glacfar le hadmháil, sonrasc nó dearbhú ar líne go bhfuil áit faighte, agus dátaí an chúrsa san áireamh, mar chruthúnas go bhfuil áit faighte.

What will be acceptable as proof of placement in the Gaeltacht summer college?
A receipt, invoice or online confirmation of secured place that includes course dates will be accepted as proof of placement.

13. Má tá aon cheist eile, seol ríomhphost chuig scolaireachtaideis@gretb.ie

Any additional questions email: scolaireachtaideis@gretb.ie

Séanadh: *Níl aon ról riaracháin ná freagracht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) maidir le haon choláiste samhraidh Gaeltachta, ná aon soláthar lóistín gaolmhar do dhaltaí, a mheas/a fhaomhadh. Tá an liosta coláistí samhraidh Gaeltachta faofa curtha ar fáil ag an Roinn do dhaltaí/tuismitheoirí/caomhnóirí/scoileanna DEIS chun críche eolais amháin. Tá do scoil DEIS nó an coláiste samhraidh freagrach as gach saincheist eile.*

Disclaimer: *Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB) has no administrative role in, or responsibility for, evaluating/approving any Gaeltacht summer college, or any associated student accommodation provision. The list of approved Gaeltacht summer colleges provided by the Department is for information purposes only, for the benefit of students/parents/guardians/DEIS schools, and that is all. All other issues are the responsibility of your DEIS School or summer college.*